An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Tuarascáil Bhliantúil

# 2025



An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Gluais

| | |
|---|---|
| **PSA** | An tÚdarás Slándála Príobháidí |
| **Acht** | An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 |
| **QQI** | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| **PDA** | Comhaontú Soláthar Feidhmíochta |
| **PSAB** | An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach |
| **A&RC** | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca |
| **CEO** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **TCÉ** | Teanga Chomharthaíochta na hÉireann |
| **TF** | Teicneolaíocht Faisnéise |

# Clár Ábhar


Gluais .... 2
Misean, Fís agus Ár Luachanna .... 4
Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach .... 5
Figiúirí Ceadúnúcháin 2025 .... 7
Bord an Údaráis .... 8
An Fhoireann Ardbhainistíochta .... 8
Rialachas Corparáideach .... 10
Sracfhéachaint ar an mBliain 2025 .... 12
Plean Straitéiseach .... 13
Éachtaí 2025 .... 13
Sprioc 1 .... 14
Sprioc 2 .... 18
Sprioc 3 .... 20
Sprioc 4 .... 21
Sprioc 5 .... 22
Cumarsáid agus Caidreamh .... 23
Gnóthaí Corparáideacha .... 25
Aguisíní .... 28

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Misean, Fís agus Ár Luachanna

Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

**Is é ár Misean** ná tacaíocht a thabhairt don phobal tríd an tionscal slándála príobháidí a rialáil trí chaighdeáin a ardú, trí fheasacht a mhéadú agus trí chomhlíonadh a fhorfheidhmiú.

**Is é ár bhFís** go mbeadh feabhas ann ar iontaoibh an phobail agus ar chosaintí tomhaltóirí i dtionscal slándála dea-rialáilte.

**Áirítear na nithe seo lenár Luachanna**, a gcloífimid leo le linn dúinn ár ngnó a dhéanamh:

**Comhpháirtíocht:** Obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe tionscail chun tacú le rialáil.

**Sármhaitheas:** Sármhaitheas a bhaint amach i rialáil a sholáthar agus i dtorthaí a sholáthar do ghnólachtaí.

**Oscailteacht:** Bheith cothrom, trédhearcach agus measúil.

**Feidhmíocht:** Seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar le dea-rialachas.

**Tiomantas:** Timpeallacht a sholáthar inar féidir lenár mbaill foirne sármhaitheas a bhaint amach, inar féidir lenár dtionscal dul faoi rath agus ina mbíonn an pobal sábháilte.

# Ráiteas Tosaigh

## ó Jillian van Turnhout, an Cathaoirleach, agus ó John Phelan, an Príomhfheidhmeannach

Ba bhliain shuntasach don Údarás Slándála Príobháidí í an bhliain 2025 – agus í ar an mbliain deiridh den Phlean Straitéiseach 2023-2025 uainn agus ina bliain ina ndearnamar dul chun cinn láidir ar ár gcuspóirí straitéiseacha go léir. Leathnaíodh ceadúnú chuig conraitheoirí a oibríonn mar Sholáthraithe Taisceadán nó mar Shuiteálaithe Taisceadán, agus tugadh caighdeán nua isteach chun tacú le tosú an cheadúnaithe. Ina theannta sin, tugadh caighdeán teicniúil do Shuiteálaithe Geataí Cumhachtaithe chun críche agus tugadh isteach é le linn na bliana. Beidh ar chonraitheoirí atá ceadúnaithe le haghaidh Rialú Rochtana agus a shuiteálann geataí cumhachtaithe an caighdeán nua sin a chomhlíonadh.

Tá tréimhse feidhme trí bliana ag ceadúnais ón Údarás Slándála Príobháidí a eisítear chuig daoine aonair, agus tá tréimhse feidhme dhá bhliain ag na ceadúnais sin a eisítear chuig conraitheoirí. Gach séú bliain, tarlaíonn na buaicphointí le haghaidh athnuachaintí ceadúnas daoine aonair agus le haghaidh athnuachaintí ceadúnas conraitheoirí ag an am céanna, agus ba bhliain den sórt sin í an bhliain 2025. Chruthaigh sé sin méid mór oibre dár bhfoirne ceadúnúcháin. De bhreis ar athnuachaintí, chonaiceamar líon suntasach iarratas ar cheadúnais chéaduaire, rud a léirigh éileamh láidir leantach ar sheirbhísí slándála sa gheilleagar. Rinneamar 18,798 n-iarratas a phróiseáil agus, ag deireadh na bliana, bhí 1,383 chonraitheoir agus 43,958 nduine aonair faoi cheadúnas againn. Ba é méadú 2,279 sealbhóir, nó méadú 5.5 faoin gcéad, an méadú ar an líon sealbhóirí ceadúnais aonair i gcomparáid leis an mbliain 2024, arbh í an bhliain ba mhó sealbhóir ceadúnais féin í.

Thug ár bhfoirne cigireachta cuairt ar bhreis agus 2,200 áitreabh gnó ar fud na tíre sa bhliain 2025. Rinneamar cúig chigireacht ilghníomhaireachta i mbailte agus i gcathracha, ag obair dúinn i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an nGarda Síochána chun cuairt a thabhairt ar thithe tábhairne agus ar chlubanna oíche chun comhlíonadh na mball foirne a sholáthraíonn seirbhísí slándála agus comhlíonadh a bhfostóirí a sheiceáil.

Tá ár gcuid oibre um chomhlíonadh ina cuid lárnach dár misean chun an pobal a chosaint. Sa bhliain 2025, fuaireamar 645 thuairisc faisnéise. Chúlghaireamar a gceadúnas i gcás sé chonraitheoir agus 243 dhuine aonair, agus cuireadh a gceadúnas ar fionraí ar feadh tréimhse i gcás dhá chonraitheoir agus deichniúr daoine aonair.
D'eisíomar 43 fhógra forfheidhmiúcháin freisin agus thionscnaíomar ionchúiseamh rathúil sa chúirt.

Le linn na bliana 2025, chuamar i gcomhairle le geallsealbhóirí, trí chomhlachtaí ionadaíocha agus ina n-aonar araon, maidir le tosaíochtaí straitéiseacha mar ghné riachtanach de phlean straitéiseach nua a ullmhú do na trí bliana amach romhainn. Leagann Bord an Údaráis Slándála Príobháidí spriocanna soiléire síos atá ag teacht le misean na heagraíochta. Cé go bhfuil na spriocanna sin uaillmhianach, tá siad indéanta. Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an Plean Straitéiseach nua uainn don tréimhse 2026-2028 i mí na Samhna.

Gabhaimid buíochas leis na comhaltaí dár mBord as a gceannaireacht leantach. Tugaimid aitheantas don tacaíocht a fuarthas ón Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus óna Roinn, ón nGarda Síochána, ón tionscal slándála, agus ó gach duine a chabhraigh linn obair i dtreo ár spriocanna a bhaint amach. Bíonn comhoibriú agus caidreamh le geallsealbhóirí tábhachtach i gcónaí, ach bhí siad thar a bheith tábhachtach i mbliana. I mbliain a bhí an-ghnóthach, tugaimid aitheantas d'obair agus dúthracht ár mball foirne agus dá dtiomantas gan staonadh dár misean.



Jillian van Turnhout Uas.
Cathaoirleach



An tUas. John Phelan
Príomhfheidhmeannach




# Figiúirí Ceadúnúcháin 2025

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€)*** |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 863 | 4 | €63,204,000 |
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 37 | €6,949,000 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 12,773 | 43 | €11,986,000 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí[1] | N/B | 970 | €356,131,000 |
| Gardaí Forfheidhmiúcháin | 19 | 4 | €157,000 |
| Glasadóirí | N/B | 196 | €25,176,000 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | 267 | 83 | €10,198,000 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)* | 1,037 | 38 | €79,405,000 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI) | N/B | 35 | €19,691,000 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | N/B | 49 | €14,573,000 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 38,018 | 184 | €589,055,000 |
| **Iomlán **** | **52,977** | **1,643** | **€1,176,525,000** |

* San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.

** Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais.

*** Tá láimhdeachas bunaithe ar fhigiúirí a sholáthair conraitheoirí in éineacht leis an iarratas uathu agus baineann sé lena dtréimhse chuntasaíochta roimhe.

1 Ba cheart Suiteálaithe Rialaithe Rochtana (lena n-áirítear Geataí Cumhachtaithe), TCI, agus Córas Aláraim Ionraidh a chur ar áireamh sa tagairt do na hearnálacha Slándála Leictreonaí sa Tuarascáil seo.

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Jillian van Turnhout*** | Cathaoirleach |
| **Una Doyle** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce |
| **Aiden Harper**** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Mark Griffin** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Brian Nolan***** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Ed Kenny** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **David McGuinness** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **An Coimisinéir Cúnta Paula Hilman** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Aideen Neylon** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Joanne Morrissey**** | Ionadaí don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| **Patricia McMahon**** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |

* Ceapadh Jillian van Turnhout mar Chathaoirleach sa bhliain 2024. Tháinig sí in ionad Richard O'Farrell, a d'éirigh as.
** Ceapadh Joanne Morrissey, Aiden Harper agus Patricia McMahon, comhaltaí den Bhord, sa bhliain 2024.
*** Athcheapadh Brian Nolan i mí Aibreáin 2024.

# An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **John Phelan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Joe Duggan** | Príomhchigire |
| **Lisa Kelly*** | Ceann um Cheadúnú |
| **Siobhán Cleary** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |
| **Keith Nolan** | Ceann Gnóthaí Corparáideacha |

* Bhí an post mar Cheann um Cheadúnú ag an mball foirne seo go dtí mí na Samhna 2025.

# Comhaltaí Boird


Jillian van Turnhout Uas.


Una Doyle Uas.


An tUas. Aiden Harper


An tUas. Mark Griffin


An tUas. Brian Nolan


An tUas. Ed Kenny


An tUas. David McGuinness


An Coimisinéir Cúnta
Paula Hilman


Aideen Neylon Uas.


Joanne Morrissey Uas.


Patricia McMahon Uas.

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# Rialachas Corparáideach

Tá Bord, Príomhfheidhmeannach agus foireann an Údaráis tiomanta do ghníomhú de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Seolaimid ár ngnó ar dhóigh eiticiúil thrédhearcach ar aon dul lenár bhfreagrachtaí reachtúla. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás Slándála Príobháidí bunaithe orthu seo a leanas:

- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhaltaí Boird ó Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí.
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.
- Comhaontú Formhaoirseachta idir an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an tÚdarás Slándála Príobháidí.

Mar chomhlacht poiblí agus mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, comhlíonaimid gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go chéile. Ar an mbealach sin, cinntímid go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun. Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm san Údarás.

Tá an Bord freagrach as treo straitéiseach an Údaráis, agus tá an Príomhfheidhmeannach cuntasach faoi chomhlíonadh chuspóirí straitéiseacha an Bhoird. Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach raon doiciméad éagsúil don Bhord ag gach cruinniú Boird, lena n-áirítear tuarascáil bainistíochta riosca, ráiteas airgeadais, an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach agus ar an bPlean Gnó agus ar a gcur chun feidhme, agus tuarascáil ar chur chun feidhme na mbreitheanna ón mBord.

Déanann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar phróisis airgeadais agus rialachais laistigh den Údarás Slándála Príobháidí. Cuirtear dhá chruinniú rialachais ar a laghad ar siúl leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce gach bliain. Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Faigheann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht ó Fhoireann Iniúchóireachta an Údaráis Slándála Príobháidí chomh maith.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás Slándála Príobháidí forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tugaimid spreagadh d'aon chomhaltaí den Bhord, d'aon bhaill foirne agus d'aon daoine eile a bhfuil ábhair imní acu faoin dóigh a gcuirimid ár gcuid gnó i gcrích leas a bhaint as na rialacháin maidir le nochtadh cosanta agus as na rialacháin maidir le calaois a chomhrac, de réir mar is cuí.

Tháinig an Bord le chéile sé huaire sa bhliain 2025. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| Comhalta Boird | Ról | Téarma an Cheapacháin | Cruinnithe de chuid an Bhoird ar Freastalaíodh Orthu | Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|
| Jillian van Turnhout (Cathaoirleach) | Cathaoirleach | 16/03/2022 - 15/03/2026 | 6 | - |
| Una Doyle* | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce | 16/03/2022 - 15/03/2026 | 6 | 6 |
| Aiden Harper* | Ionadaí d'Fhostóirí | 30/04/2024 - 29/04/2028 | 6 | 4 |
| Mark Griffin** | Ionadaí d'Fhostóirí | 16/03/2022 - 15/03/2026 | 6 | - |
| Brian Nolan** | Ionadaí d'Fhostaithe | 30/04/2024 - 29/04/2028 | 4 | - |
| Ed Kenny | Ionadaí d'Fhostaithe | 16/03/2022 - 15/03/2026 | 4 | - |
| David McGuinness | Ionadaí do Bhaill Foirne | 16/03/2022 - 15/03/2026 | 6 | - |
| An Coimisinéir Cúnta Paula Hilman | Ionadaí don Gharda Síochána | 07/03/2023 - 15/03/2026 | 4 | - |
| Aideen Neylon* | Ionadaí Dlíthiúil | 16/03/2022 - 15/03/2026 | 6 | 3 |
| Joanne Morrissey** | Ionadaí don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | 16/03/2024 - 15/03/2028 | 4 | - |
| Patricia McMahon* | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe | 30/04/2024 - 29/04/2028 | 6 | 5 |
| Lawrence Byrne* | Comhalta Neamhspleách ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca | 16/03/2022 - 15/03/2026 | - | 6 |

* Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
** Comhaltaí den Ghrúpa Oibre um an bPrintíseacht Slándála Leictreonaí.

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ag gach cruinniú.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire sa bhliain 2025. Áiríodh na nithe seo a leanas le gníomhaíochtaí an choiste, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bualadh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.
- Bualadh leis an gCuntasóir Conraithe don Údarás Slándála Príobháidí.
- Bualadh le Príomhfheidhmeannach an Údaráis Slándála Príobháidí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ón Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus ar an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2024.
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2024 a athbhreithniú.
- Na Ráitis Dearbhaithe don bhliain 2024 a athbhreithniú.
- Na Ráitis Airgeadais don bhliain 2024 a athbhreithniú.
- An Tuarascáil/na Tuarascálacha, an Clár Rioscaí, an Beartas Bainistíochta Riosca, agus an Ráiteas faoi Fhonn Riosca ó Choiste Bainistíochta Riosca an Údaráis a athbhreithniú.

Tháinig an Grúpa Oibre um an bPrintíseacht Slándála Leictreonaí le chéile uair amháin sa bhliain 2025 chun breithniú a dhéanamh ar na ceanglais cheadúnúcháin ar fhostaithe sna hearnálacha slándála leictreonaí.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2025

**1,383**
An líon Conraitheoirí a bhí Ceadúnaithe
(2024: 1,389)

**43,958**
An líon Daoine Aonair a bhí Ceadúnaithe
(2024: 41,679)

**249**
An líon Ceadúnas a Cúlghaireadh*
(2024: 42)

**Dhá Cheann**
An líon Caighdeán Nua a Tugadh Isteach

**€3,850,348**
Ioncam ó Tháillí
(2024: €3,357,023)

**1,033**
An líon Cásanna Forfheidhmiúcháin
(2024: 805)

**18,798**
An líon Iarratas a Próiseáladh
(2024: 16,543)

**60 Ball Foirne**
(2024: 58)

* Tháinig méadú ar chúlghairmeacha ceadúnas aonair sa bhliain 2025, rud a léiríonn an obair shuntasach a rinneadh chun torthaí oiliúna a fhíorú agus, ar an gcaoi sin, sláine an chórais ceadúnúcháin a chinntiú.

# Plean Straitéiseach

Ag teacht sna sála ar a cheapadh i mí an Mhárta 2022, chuir Bord an Údaráis tús le Plean Straitéiseach nua a fhorbairt, de réir cheanglais alt 9 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an Plean Straitéiseach 2023-2025 i mí Eanáir 2023 agus cumhdaítear leis an tréimhse ón mbliain 2023 go dtí an bhliain 2025.

Is é sin an cúigiú Plean Straitéiseach ón Údarás, agus tógann sé ar éachtaí roimhe seo, agus réimsí a bhfuil tuilleadh dul chun cinn ag teastáil iontu á n-admháil ag an am céanna. Breithnítear forbairt leantach an tionscail slándála sa phlean, agus soláthraítear ann creat struchtúrtha chun obair an Údaráis a threorú.

### Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:

**Sprioc 1**
An Tionscal Slándála Príobháidí a rialáil

**Sprioc 2**
Comhlíonadh a chinntiú trí dhul i ngleic le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe

**Sprioc 3**
Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí slándála trí chaighdeáin agus cáilíochtaí a úsáid

**Sprioc 4**
Féachaint ar dhóigheanna ar féidir lenár dtionscal dul chun tairbhe don tsochaí

**Sprioc 5**
Na tacaí a theastaíonn chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus ár n-eagraíocht a bhreisiú a sholáthar

Leagtar díriú sa Straitéis ar cheadúnú a leathnú, ar chaighdeáin agus cáilíochtaí a ardú, agus ar fheabhas a chur ar chumarsáid le sealbhóirí ceadúnais agus leis an bpobal. Áirítear léi freisin gealltanas go scrúdófaí cé acu a dhéanann nó nach ndéanann rialáil difear don chumas atá ag grúpaí mionlaigh chun an tionscal a rochtain agus, má dhéanann, go ndéanfaí breithniú ar bhearta maolaithe cuí. Ina theannta sin, déantar iniúchadh le gníomhartha comhlántacha ar dhóigheanna ar féidir tacú le conairí gairme dóibh siúd a oibríonn sa tionscal.

Le linn na bliana 2025, rinne an tÚdarás a Phlean Straitéiseach nua don tréimhse 2026–2028 a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú, rud ina leagtar amach creat soiléir chun obair an Údaráis a threorú sna trí bliana amach romhainn. D'fhorbair an tÚdarás Slándála Príobháidí an plean in éineacht le Bord an Údaráis tar éis moltaí a fháil ó shainchomhairleoir seachtrach. Bhí an plean bunaithe ar chaidreamh a rinneadh le príomh-gheallsealbhóirí, lenar áiríodh ionadaithe tionscail agus comhpháirtithe earnála poiblí.

Athdhearbhaítear leis an Straitéis tiomantas an Údaráis do rialáil éifeachtach, do chosaint an phobail, agus do ghairmiúlacht leantach an tionscail slándála príobháidí. Leagtar ceithre thosaíocht straitéiseacha amach inti: éifeachtacht rialála agus forfheidhmiú a neartú, caighdeáin agus cleachtas gairmiúil a chur chun cinn, córais agus próisis oibriúcháin a nuachóiriú, agus acmhainn na heagraíochta a fhorbairt chun tacú le cur i gcrích.

Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an plean go foirmiúil i mí na Samhna 2025. Tá an Plean Straitéiseach 2026-2028 ina threochlár dírithe chun a chinntiú go leanfaidh an tÚdarás dá fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus de fhreagairt go héifeachtach d'fhorbairtí laistigh den earnáil slándála príobháidí.

## Éachtaí sa bhliain 2025

| | |
|---|---|
| Sprioc 1 | **Forbraíodh caighdeán nua don earnáil Geataí Cumhachtaithe, agus tugadh ceadúnú isteach do chonraitheoirí a oibríonn mar Sholáthraithe Taisceadán nó mar Shuiteálaithe Taisceadán** |
| Sprioc 2 | **Ionchúisíodh Garda Slándála neamhcheadúnaithe** |
| Sprioc 3 | **Forbraíodh dhá chaighdeán nua** |
| Sprioc 4 | **Úsáid mhéadaithe a bhaint as cainéil meán sóisialta** |
| Sprioc 5 | **Dul chun cinn ar chóras digiteach nua a fhorbairt don Údarás Slándála Príobháidí** |

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

## An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 1
## An Tionscal Slándála Príobháidí a rialáil

Is ionann agus 15 cinn an líon earnálacha conraitheoirí atá ceadúnaithe. Chomh maith leis sin, cumhdaítear sé earnáil le ceadúnú fostaithe.


### Ceadúnú Gnólachtaí

Sa bhliain 2025, bhí laghduithe beaga ann sa líon conraitheoirí a ceadúnaíodh agus sa líon ceadúnas earnála araon. Bhí 1,383 chonraitheoir ceadúnaithe ag deireadh mhí na Nollag, rud a bhí cothrom le laghdú sé chonraitheoir ar an líon a bhí ceadúnaithe ag deireadh na bliana 2024. Laghdaigh an líon ceadúnas earnála a eisíodh sa bhliain 2025 faoi ocht gcinn go 1,643 cinn.

| Earnáil | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 4 | 4 | 4 | 4 |
| Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí) | 34 | 34 | 37 | 37 |
| Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) | 49 | 43 | 43 | 43 |
| Gardaí Forfheidhmiúcháin | N/B | 4 | 4 | 4 |
| An Earnáil Slándála Leictreonaí | 1,072 | 988 | 972 | 970 |
| Glasadóirí | 215 | 206 | 203 | 196 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | 96 | 92 | 87 | 83 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim) | 37 | 36 | 37 | 38 |
| Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI) | 32 | 33 | 34 | 35 |
| Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí) | 46 | 44 | 47 | 49 |
| Gardaí Slándála (Socair) | 185 | 178 | 183 | 184 |
| **IOMLÁN** | **1,770** | **1,662** | **1,651** | **1,643** |

**Tábla 1: Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach Earnála idir an bhliain 2022 agus an bhliain 2025**

Tá na hearnálacha Slándála Leictreonaí, a chuimsíonn conraitheoirí Rialaithe Rochtana, conraitheoirí TCI agus conraitheoirí Aláram Ionraidh, freagrach as 59% de na sealbhóirí ceadúnais gnó. Is iad Glasadóirí an dara grúpa is mó (12%). Agus iad freagrach as 11% de na ceadúnais uile, is iad Gardaí Slándála (Socair) an chéad ghrúpa is mó eile.




**Próiseáil Iarratas**

Fuarthas 858 n-iarratas ar cheadúnas conraitheoirí sa bhliain, rud a bhí cothrom le méadú 199 n-iarratas ar na 659 gcinn a fuarthas sa bhliain 2024. Is féidir an méadú a chur síos don timthriall ceadúnais dhá bhliain, agus líon níos airde ceadúnas le hathnuachan i mblianta lena ngabhann corruimhreacha.

De na 761 chonraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu sa bhliain 2025, ní raibh a gceadúnas athnuaite ag 16 chonraitheoir faoi dheireadh na bliana. Is ionann é sin agus ráta athnuachana 98% i measc conraitheoirí don bhliain 2025. Tá sé sin cothrom le méadú 6% ar an ráta ó bhliain go bliain sa bhliain 2024.

Bhí 110 n-iarratasóir céaduaire ar cheadúnas ann, cothrom le méadú 28 n-iarratasóir i gcomparáid leis an mbliain 2024. Thaisc 24 chonraitheoir iarratas ar earnáil nó earnálacha a chur le ceadúnas a bhí ann cheana.

Tharraing 19 gconraitheoir an t-iarratas uathu siar sular thug an tÚdarás cinneadh deiridh orthu, ar mhéadú é ar na 14 chonraitheoir a rinne amhlaidh anuraidh.

Déanann conraitheoirí é sin chun go mbeidh siad in ann aisíocaíocht na táille ceadúnais a fháil sula n-eiseofar breith diúltaithe. Rinne conraitheoir amháin iarratas a ataisceadh ina dhiaidh sin nuair a bhí a bpáipéarachas in ord.

**Diúltuithe agus Achomhairc**

Diúltaíodh do na hiarratais ó 17 gconraitheoir toisc go raibh siad neamhbhailí mar nár cuireadh an páipéarachas ceart nó an táille cheart isteach. Diúltaíodh do 15 iarratas eile ó chonraitheoirí toisc gur mhainnigh an conraitheoir na ceanglais cheadúnúcháin a chomhlíonadh.

Ní dhearna conraitheoirí aon achomhairc leis an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach (PSAB) sa bhliain 2025.

**Ceadúnais Shealadacha**

Bhí 36 cheadúnas shealadacha i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana. B'ionann é sin agus laghdú 14 cheadúnas ar an líon a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana roimhe sin. Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua san earnáil Slándála Leictreonaí ionas go bhféadfaidh siad córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a theastaíonn chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú.


**Táillí Ceadúnais**

Fuarthas €1,636,976 ó tháillí ceadúnais conraitheoirí sa bhliain 2025, i gcomparáid le €1,573,284 sa bhliain 2024 agus le €1,545,338 sa bhliain 2023 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais dhá bhliain í).

| Bliain | Láimhdeachas |
|---|---|
| 2021 | €902,579,000 |
| 2022 | €962,963,000 |
| 2023 | €1,006,596,000 |
| 2024 | €1,070,008,000 |
| 2025 | €1,176,525,000 |

**Tábla 2: An Láimhdeachas Conraitheoirí a Taifeadadh in Iarratais ar Cheadúnais idir an bhliain 2021 agus an bhliain 2025**

Léirítear i dTábla 2 thuas gur lean an tionscal slándála ar aghaidh ag fás, agus méadú 10% tagtha ar an láimhdeachas do chonraitheoirí ceadúnaithe sa bhliain 2025. Tháinig fás ar an láimhdeachas i bhformhór na n-earnálacha sa bhliain 2025. Ba san earnáil Maoirseoirí Dorais, san earnáil Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí), agus san earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach a chonacthas an fás is mó.




**Fíor 2: Forbhreathnú ar Láimhdeachas Conraitheoirí de réir Earnála sa bhliain 2025** (%)

- Slándáil Leictreonach
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Slándáil Imeachtaí
- Maoirseoirí Dorais
- Glasadóirí
- Faireachán ar Aláraim
- Faireachán ar TCI
- Airgead Tirim faoi Bhealach
- Gardaí Slándála

Cé gur san Earnáil Slándála Leictreonaí atá 59% de chonraitheoirí ceadúnaithe (Fíor 1 ar leathanach 15), tá sí freagrach as 30% de láimhdeachas an tionscail. Is amhlaidh sin mar gheall ar an líon gnólachtaí beaga a oibríonn san earnáil. I gcodarsnacht leis sin, tá an earnáil Gardaí Slándála (Socair) freagrach as 11% de shealbhóirí ceadúnais agus as 50% de láimhdeachas an tionscail. Tá glasadóirí freagrach as 2% de láimhdeachas ach as 12% de shealbhóirí ceadúnais, rud atá cosúil leis an Earnáil Slándála Leictreonaí agus atá ag teacht leis an líon gnólachtaí beaga san earnáil. Tá a mhalairt ar fad fíor i gcás na hearnála Airgid Thirim faoi Bhealach. Is ionann a láimhdeachas agus 6% ach níl sí freagrach ach as níos lú ná 0.25% de shealbhóirí ceadúnais. Ós rud é nach ionann an láimhdeachas don earnáil Gardaí Forfheidhmiúcháin ach 0.01% den iomlán, níor léiríodh é ar leithligh i bhFíor 2.

## Ceadúnú Fostaithe

Ba ann do mhéadú suntasach sa líon fostaithe ceadúnaithe sa bhliain 2025, rud a tháinig as an éileamh láidir a bhí ag an ngeilleagar ar sheirbhísí slándála. B'ionann an líon daoine aonair ceadúnaithe agus 43,958 nduine aonair, an líon ab airde a taifeadadh ó thosú an cheadúnúcháin i leith. Agus é cothrom le 52,977 gceadúnas, shroich an líon ceadúnas earnála a leibhéal ab airde riamh amach. B'airde é ná an figiúr ab airde roimhe sin, ab ionann agus 50,636 cheadúnas agus a taifeadadh sa bhliain 2024.

| | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Airgead Tirim faoi Bhealach | 1,017 | 988 | 999 | 863 |
| Maoirseoirí Dorais | 10,852 | 11,588 | 12,895 | 12,773 |
| Gardaí Forfheidhmiúcháin | N/B | N/B | N/B | 19 |
| Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | 62 | 202 | 254 | 267 |
| Gardaí Slándála (Gardáil) | 27,294 | 30,081 | 35,583 | 38,018 |
| Gardaí Slándála (Lárionaid Faireacháin) | 783 | 990 | 905 | 1,037 |
| **IOMLÁN** | **40,008** | **43,849** | **50,636** | **52,977** |

**Tábla 3: Comparáid idir an Líon Iomlán Ceadúnas a bhí i seilbh gach Earnála ag deireadh na bliana idir an bhliain 2022 agus an bhliain 2025**

Tháinig fás ar na hearnálacha uile, cé is moite den earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach.

**Próiseáil Iarratas**

Fuaireamar 17,940 iarratas ar cheadúnais daoine aonair le linn na bliana. Áiríodh leo sin 9,105 athnuachan agus 8,645 iarratas céaduaire. Áiríodh leo freisin 190 iarratas eile ar diúltaíodh dóibh. Tháinig méadú 2,056 iarratas ar an líon iarratas a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain 2024, nuair a fuaireamar 15,884 iarratas. Tá sé sin ar aon dul leis an líon a fuaireamar sa bhliain 2022, arb í an bhliain chomhfhreagrach sa timthriall ceadúnais trí bliana d'fhostaithe í.

Sa bhliain 2025, dhiúltaíomar do 1% de na hiarratais uile a fuarthas, síos ó 3% sa bhliain 2024. Áirítear leis na príomhchúiseanna a ndiúltaítear d'iarratas doiciméid tacaíochta neamhdhóthanacha a sholáthar, gan doiciméid a chomhlánú i gceart agus gan íocaíocht a dhéanamh. Ina lán cásanna, déantar iarratais ar diúltaíodh dóibh a ataisceadh ina dhiaidh sin mar iarratais bhailí.

**Diúltuithe agus Achomhairc**

Faoi mar a tharla sa bhliain 2024, ba iad na príomhchúiseanna ar diúltaíodh d'iarratais ná mainneachtain páirt a ghlacadh i bpróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nó nochtadh ciontuithe tar éis ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Áiríodh leis an bhfigiúr i mbliana freisin 42 dhiúltú a bhain le doiciméid neamhbhailí oiliúna a chur isteach. Diúltaíodh do 168 n-iarratas ó fhostaithe san iomlán sa bhliain 2025, i gcomparáid le 107 gcinn sa bhliain 2024.

Tá an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach neamhspleách ar an Údarás agus tugann sé breithiúnas ar achomhairc in aghaidh na mbreitheanna uainn. Taisceadh 29 n-achomharc leis an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach sa bhliain 2025, agus bhí cúig achomharc eile ón mbliain 2024 fós idir lámha. Seasadh leis an mbreith ón Údarás Slándála Príobháidí i 20 cás agus cuireadh ar ceal í i seacht gcás. Tarraingíodh achomharc amháin siar. Bhí sé achomharc idir lámha fós ag deireadh na bliana lena gcinneadh ag an mBord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach.

**Táillí Ceadúnais**

B'ionann luach na dtáillí ceadúnais daoine aonair sa bhliain 2025 agus €2,213,373, i gcomparáid le €1,783,739 sa bhliain 2024. B'ionann na táillí a fuarthas sa bhliain inchomparáide is déanaí sa timthriall ceadúnais trí bliana – is é sin, 2022 – agus €1,996,518.

## An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna


# Sprioc 2

## Comhlíonadh a chinntiú trí dhul i ngleic le gníomhaíocht neamhcheadúnaithe

Cuid dhílis dár gcuid oibre is ea a chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí agus na Rialacháin lena rialaítear ceadúnú. D'oibrigh ár bhfoirne cigireachta fud fad na tíre, agus cuairt á tabhairt acu ar bhreis agus 2,200 áitreabh gnó sa bhliain 2025. D'osclaíomar 1,033 chás forfheidhmiúcháin sa bhliain, i gcomparáid le 805 cinn sa bhliain 2024. Ba é a bhí iontu sin ná 486 chás conraitheoirí, 206 chás ceannaitheoirí slándála, agus 341 chás fostaithe.

Fuaireamar 645 thuairisc faisnéise le linn na bliana. Déanann ár bhfoireann comhlíonta measúnú ar gach tuairisc agus roghnaíonn sí iad le haghaidh gníomh a dhéanamh ina leith, de réir mar is cuí.

Is é atá i dtuairiscí faisnéise ón bpobal agus ón tionscal ná uirlis thábhachtach maidir le neamhchomhlíonadh a chomhrac agus lenár n-acmhainní cigireachta a spriocdhíriú. Ag teacht sna sála ar mheasúnú a rinne ár bhfoireann comhlíonta, ba ar chúiseanna éagsúla nár imscrúdaíodh 443 cinn de na cásanna sin. Ba iad na cúiseanna is coitianta díobh ná nár léir go raibh aon ghníomhaíocht incheadúnaithe ann, nár leor an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an conraitheoir ceadúnaithe cheana féin. I gcás nach n-imscrúdaímid tuairiscí faisnéise, coinnítear an fhaisnéis. Má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an aon ní amháin, athbhreithnímid an fhaisnéis i bhfianaise na faisnéise nua a fuarthas. Bhí an 202 thuairisc faisnéise eile ina gcuid de na 1,033 chás forfheidhmiúcháin a osclaíodh le linn na bliana.



Fíor 3: Forbhreathnú ar Chigireachtaí Conraitheoirí de réir Earnála sa bhliain 2025 (%)

Thugamar cuairt ar 177 gconraitheoir cheadúnaithe sa bhliain 2025, ar lena linn a d'iniúchamar a dtaifid chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na rialachán ceadúnúcháin. Fuarthas amach go raibh 57% de chonraitheoirí ag comhlíonadh na gceanglas ceadúnúcháin go hiomlán ar dháta na cigireachta, i gcomparáid le 48% díobh sa bhliain 2024. Cuireadh formhór na gcásanna a raibh neamhchomhlíonadh iontu ina cheart laistigh de chúig seachtaine ó dháta na cigireachta.

Rinneamar 2,237 gcigireacht neamhfhógartha ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnólachtaí eile i 270 láthair, agus muid ag spriocdhíriú ar gach contae ar fud na tíre. Ba é an aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a sholáthar agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Ar na daoine ar thángthas orthu, aimsíodh go raibh 98% díobh ceadúnaithe agus ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

Ar na gníomhartha um chomhlíonadh a fhéadfaimid a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin tá ionchúiseamh, an ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí agus fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint. Sa bhliain 2025, d'ionchúisíomar duine aonair a cinneadh a bheith ag soláthar seirbhísí Garda Slándála gan cheadúnas. Tháinig sé sin sna sála ar imscrúdú a rinne an tÚdarás Slándála Príobháidí ar sholáthar seirbhísí Garda Slándála i limistéar Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an duine aonair ciontach in 11 scór agus gearradh fíneáil €2,200 san iomlán air. Dámhadh costais ab ionann agus €3,983.90 freisin.

De bhreis air sin, cúlghaireadh a gceadúnas i gcás sé chonraitheoir agus 243 dhuine aonair agus cuireadh a gceadúnas ar fionraí ar feadh tréimhse i gcás dhá chonraitheoir agus deichniúr daoine aonair. Eisíodh 43 fhógra forfheidhmiúcháin eile chuig sealbhóirí ceadúnais sa bhliain. I gcás go gcinntear go bhfuil sealbhóir ceadúnais ar tugadh fógra forfheidhmiúcháin dó ag déanamh sárú eile ar na rialacháin cheadúnúcháin, déantar breithniú ar cheadúnas an tsealbhóra sin a chúlghairm nó a fhionraí. Tháinig méadú ar chúlghairmeacha ceadúnas aonair sa bhliain 2025, rud a léiríonn an obair shuntasach a rinneadh chun torthaí oiliúna a fhíorú agus, ar an gcaoi sin, sláine an chórais ceadúnúcháin a chinntiú.

| Gníomh | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Comhairle | 1 | 1 | 0 | 0 |
| Foláireamh | 1 | 4 | 3 | 5 |
| Rabhadh | 16 | 27 | 35 | 38 |
| Iomardú | 1 | 0 | 1 | 0 |
| Fionraí | 16 | 24 | 9 | 12 |
| Cúlghairm | 36 | 29 | 42 | 249 |
| Ionchúiseamh | 5 | 2 | 4 | 1 |

**Tábla 4: Achoimre ar Ghníomhartha Forfheidhmiúcháin a rinneadh idir an bhliain 2022 agus an bhliain 2025**

Foráiltear le halt 39 de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí do shásra faoina bhféadfaidh duine gearán foirmiúil a dhéanamh in aghaidh sealbhóir ceadúnais. Fuarthas 15 ghearán den sórt sin sa bhliain 2025, mar aon leis na hocht gcinn a tugadh anonn ón mbliain 2024. In dhá chás, ní dheachaigh an gearánach ar aghaidh leis an gcás agus, in 18 gcás eile, níor sheas an tÚdarás Slándála Príobháidí leis an ngearán. Bhí trí chás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

# Sprioc 3

## Feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí slándála trí chaighdeáin agus cáilíochtaí a úsáid

Cuid thábhachtach dár sainordú is ea na caighdeáin agus na cáilíochtaí atá le comhlíonadh ag iarratasóirí ar cheadúnais agus ag sealbhóirí ceadúnais a shonrú. Mar chuid de sin, tugadh dhá chaighdeán nua ón Údarás Slándála Príobháidí chun críche agus seoladh iad sa bhliain 2025.

Bhain an chéad cheann le Soláthraithe Taisceadán nó Suiteálaithe Taisceadán (PSA 94:2024), a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2025. Is é atá sa dara ceann ná caighdeán teicniúil do Shuiteálaithe Rialaithe Rochtana (Geataí Cumhachtaithe) (PSA 80:2025), a tháinig i bhfeidhm an 31 Deireadh Fómhair 2025. Tá sé de cheanglas éigeantach ar chonraitheoirí san earnáil Taisceadán agus san earnáil Rialaithe Rochtana Deimhniú a fháil de réir na gcaighdeán iomchuí chun a gceadúnas ón Údarás Slándála Príobháidí a fháil nó a choimeád. Bhí an dá chaighdeán faoi réir próiseas Comhairliúcháin Phoiblí sular seoladh iad agus, ina dhiaidh sin, cuireadh ar áireamh iad inár bhfeachtais fógraíochta meán chun feasacht a chruthú. Toisc ríthábhachtach taobh thiar de cheadúnú a thabhairt isteach sna hearnálacha is ea rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile le linn chéim na forbartha do chaighdeán nua agus is mór ag an Údarás Slándála Príobháidí an rannpháirtíocht sin.

Reáchtáil an tÚdarás Slándála Príobháidí trí fhóram dá chomhlachtaí iniúchóireachta conraithe agus fóram amháin dá sholáthraithe oiliúna ceadaithe a thacaíonn leis an tionscal agus leis an Údarás Slándála Príobháidí maidir le seirbhísí deimhniúcháin agus oiliúna. Is é an toradh atá ar na cruinnithe sin ná go gcinntítear go dtacaíonn na seirbhísí sin le misean rialála an Údaráis Slándála Príobháidí, agus is fóraim iad le haghaidh tuairimí ar nithe ceadúnúcháin a phlé agus a mhalartú.

Leanann an tÚdarás Slándála Príobháidí de chigireachtaí a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse chun a chinntiú go mbíonn ár gceanglais oiliúna agus deimhniúcháin á gcomhlíonadh acu. Ina theannta sin, d'éirigh leis an Údarás Slándála Príobháidí agus le Rannán TF na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce tionscadal a chur i gcrích chun sláine na seirbhísí oiliúna a sholáthraítear a chinntiú tuilleadh tar éis torthaí calaoiseacha oiliúna a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Slándála Príobháidí a bhrath.

Foghrúpa ina raibh comhaltaí ó Bhord an Údaráis agus ó Choiste Feidhmiúcháin an Údaráis Slándála Príobháidí, lean sé de scrúdú a dhéanamh ar thabhairt isteach an cheadúnúcháin do gach duine aonair a sholáthraíonn seirbhísí san Earnáil Slándála Leictreonaí. Táthar ag ceadúnú conraitheoirí san earnáil de réir a chéile ón mbliain 2006 i leith.



An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

# Sprioc 4

## Féachaint ar dhóigheanna ar féidir lenár dtionscal dul chun tairbhe don tsochaí

Bíonn a rathúla atá an rialáil ag brath ar chaidreamh fiúntach a dhéanamh lenár sealbhóirí ceadúnais, le geallsealbhóirí tionscail, le cliaint na ngeallsealbhóirí tionscail, agus leis an bpobal i gcoitinne. Sa bhliain 2025, leanamar de leas a bhaint as cainéil thraidisiúnta chumarsáide ar fud an raidió agus ar fud nuachtán agus sainirisí ceirde agus de dhíriú ar na meáin shóisialta a úsáid mar phríomh-mhodh chun faisnéis a chur in iúl dár ngeallsealbhóirí agus don phobal. Reáchtálamar ceithre fheachtas dhigiteacha ar leith ar fud Meta, X, LinkedIn agus Google le linn na bliana, agus fheasacht an phobail á múscailt ar an rialáil a dhéantar ar an earnáil Glasadóirí, ar Sholáthraithe Taisceadán agus ar Shuiteálaithe Taisceadán, ar Shlándáil Dorais agus ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí slándála ceadúnaithe a úsáid le haghaidh aláraim ionraidh a shuiteáil.

I measc na gcuspóirí sa Phlean Straitéiseach uainn tá meas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn sa tionscal slándála, agus tacú le conairí gairme do na daoine sin atá ag iarraidh gabháil do ghairm sa tionscal slándála. Sa bhliain 2024, thug Amárach Research faoi thaighde, ar choimisiúnaigh an tÚdarás Slándála Príobháidí é, chun na fíorbhacainní agus na bacainní braite ar ghabháil d'obair sa tionscal slándála a shainaithint, agus díriú ar leith á leagan ar chothromas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. D'fhoilsigh an tÚdarás Slándála Príobháidí fionnachtana an taighde i mí Aibreáin 2025.

Sa bhliain 2025, leanamar de cheangal a chur ar phearsanra slándála a oibríonn san earnáil Maoirseoirí Dorais, san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Gardaí Slándála tabhairt faoi oiliúint i ngáinneáil ar leanaí a chomhrac.

D'fhoilsíomar sé eagrán dár ríomhiris dar teideal "PSA Watch", ina soláthraítear faisnéis don tionscal faoi phríomhimeachtaí, faoin eolas tábhachtach is deireanaí agus faoi fhorbairtí suntasacha tionscail.



# Sprioc 5

## Na tacaí a theastaíonn chun ár mbaill foirne a fhorbairt agus ár n-eagraíocht a bhreisiú a sholáthar

Sa bhliain 2025, leanamar de shamhail oibre cumaisc a oibriú dár bhfoireann, agus na hoibleagáidí seirbhíse go léir á gcomhlíonadh againn ag an am céanna. Tá dúthracht agus gairmiúlacht ár mball foirne ina gcuid lárnach dár n-eagraíocht agus, ar fud na bliana, bhí rún daingean againn i gcónaí tacú lena bhforbairt trí thionscnaimh oiliúna agus folláine ar gach leibhéal. Leanamar freisin d'infheistiú sa timpeallacht oifige agus i dtacaí do bhaill foirne atá ag obair go cianda.

Le linn na bliana, rinneadh dul chun cinn leantach ar chóras digiteach nua TF a fhorbairt. Tá na córais TF láithreacha i bhfeidhm ó cuireadh tús leis an gceadúnú sa bhliain 2006, agus leanamar d'oibriú i ndlúthchomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun an tionscadal a bhainistiú. Cé gur leag an tionscadal sin éileamh ar ár n-acmhainní le linn na céime forbartha, d'fhéadfadh sé feabhsuithe fadtéarmacha suntasacha a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí gnó.

Ag deireadh na bliana, b'ionann ár líon foirne agus 60 ball foirne. Ba mhéadú de bheirt bhall foirne é sin i gcomparáid leis an mbliain 2024.

### Cosaint Sonraí

Dhéileáil ár nOifigeach Cosanta Sonraí le ceithre iarraidh ar rochtain d'ábhair sonraí agus le cúig shárú sonraí íseal-leibhéil sa bhliain 2025. Ina theannta sin, fuaireamar 23 iarraidh ar fhaisnéis faoi alt 41(B) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena húsáid chun "cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú nó ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh".

### Nochtadh Cosanta

Tá Príomhfheidhmeannach an Údaráis Slándála Príobháidí forordaithe mar fhaighteoir nochtaí cosanta i ndáil leis na nithe uile a bhaineann le seirbhísí slándála príobháidí a cheadúnú agus a rialáil faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Ba é an toradh a bhí ar dhá nochtadh chosanta sheachtracha a fuarthas sa bhliain 2025 ná gur tosaíodh imscrúdú ina leith, a bhí ar siúl fós ag deireadh na bliana. Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach le linn na bliana.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an tÚdarás tiomanta dá oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Cheapamar ball dár bhfoireann ardbhainistíochta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Áirítear leis an tiomantas atá againn freagra sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í a thabhairt ar gach cumarsáid i scríbhinn, príomhfhoilseacháin a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla ag an aon am amháin, agus na ceanglais a bhaineann le fógraíocht agus caiteachas ar fhógraíocht a chomhlíonadh.

### Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

Sa bhliain 2025, lean an tÚdarás Slándála Príobháidí de pháirt a ghlacadh sa chlár "Sign up for ISL" de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a spreagadh, rud a chuir ar ár gcumas cumarsáid a dhéanamh le daoine den phobal Bodhar a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

# Cumarsáid agus Caidreamh

Le linn na bliana 2025, lean an tÚdarás Slándála Príobháidí dá chuid oibre cumarsáide agus caidrimh a fhorbairt chun feasacht ar a ról a mhéadú agus chun feabhas a chur ar an gcaidreamh le sealbhóirí ceadúnais, leis an tionscal, agus leis an bpobal. Díríodh gníomhaíocht cumarsáide ar fhaisnéis a dhéanamh níos soiléire agus níos infheicthe ar fud na gcainéal digiteach, na meán clóite, an raidió agus na n-imeachtaí tionscail.

### Feachtais Feasachta Poiblí

Ar fud na bliana 2025, sholáthair an tÚdarás Slándála Príobháidí sraith feachtas digiteach ráithiúil feasachta poiblí a bhí dírithe ar phríomhréimsí laistigh den earnáil slándála príobháidí. Leagadh díriú i bhfeachtais dhigiteacha ar réimsí amhail seirbhísí glasadóirí ceadúnaithe, suiteálaithe taisceadán, slándáil doirse, agus suiteáil aláram ionraidh. Bhí sé mar aidhm leis na feachtais sin cabhrú leis an bpobal tuiscint níos fearr a fháil ar sheirbhísí slándála ceadúnaithe agus ar an tábhacht a bhaineann le soláthraithe comhlíontacha a úsáid.

### Fógraíocht Chlóite, agus Caidreamh leis an Tionscal

Lean fógraíocht chlóite de thacú le gníomhaíocht cumarsáide le linn na bliana 2025, go háirithe i bhfoilseacháin tionscail a shroicheann príomhearnálacha sa tionscal. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an tÚdarás Slándála Príobháidí ar an mhórthaispeántas 'Out of the Blue', rud a thug deis dhíreach dó caidreamh a dhéanamh le cohórt daoine aonair, a mbeadh suim ag an-chuid díobh i gceadúnas slándála a fháil. A bhuí leis na deiseanna fógraíochta sin, is féidir leis an Údarás Slándála Príobháidí caidreamh díreach a dhéanamh leis an tionscal, faisnéis a chomhroinnt faoi cheanglais cheadúnúcháin, agus infheictheacht a choinneáil laistigh den earnáil.

### Fógraíocht Raidió

Sa bhliain 2025, reáchtáil an tÚdarás Slándála Príobháidí feachtas raidió dhá sheachtain a thacaigh le feachtais feasachta poiblí. Leis sin, soláthraíodh clúdach leathan náisiúnta, áitiúil agus tuaithe agus cabhraíodh le príomhtheachtaireachtaí a threisiú maidir le ceadúnú, le comhlíonadh agus leis an tábhacht a bhaineann le soláthraithe slándála ceadúnaithe a úsáid. Chomhlánaigh fógraíocht raidió an chumarsáid dhigiteach agus chlóite trí spriocphobail nach mbíonn teagmháil thráthrialta acu le cainéil ar líne a shroicheadh.

### Fóraim

Reáchtáil an tÚdarás Slándála Príobháidí trí Fhóram Comhlachtaí Iniúchóireachta sa bhliain 2025 – i mí Eanáir, i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair. Is ardán tábhachtach iad Fóraim Comhlachtaí Iniúchóireachta. Leis na fóraim sin, is féidir leis an Údarás Slándála Príobháidí plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann go díreach le deimhniú chaighdeáin fhorordaithe an Údaráis Slándála Príobháidí de réir mar a thagann siad chun cinn.

Rinneadh Fóram Soláthraithe Oiliúna ar eagraigh an tÚdarás Slándála Príobháidí é agus ar fhreastail soláthraithe oiliúna atá ceadaithe ag an Údarás Slándála Príobháidí air a chur ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Breithníodh roinnt topaicí agus tugadh aghaidh orthu. Leis na Fóraim Soláthraithe Oiliúna, is féidir leis an Údarás Slándála Príobháidí coinneáil i dteagmháil leis an tionscal oiliúna agus fanacht ar an eolas faoi na ceanglais oiliúna reatha agus faoi na treoirlínte oiliúna reatha.

### Straitéis Cumarsáide a Fhorbairt

I mí Dheireadh Fómhair 2025, ceapadh Speisialtóir Cumarsáide chun tacú le forbairt obair cumarsáide an Údaráis Slándála Príobháidí. Leis an ról sin, soláthraítear tacaíocht thiomnaithe do ghníomhaíocht feasachta poiblí, do chaidreamh leis an tionscal agus do phleanáil cumarsáide, rud a chabhraíonn lena chinntiú go nglactar cur chuige níos struchtúrtha i leith for-rochtana.



# Gnóthaí Corparáideacha

**Acmhainní Soláthar Foirne**

Déantar faireachán leanúnach ar struchtúr soláthar foirne na heagraíochta, agus déantar é a thagarmharcáil i gcomparáid leis na spriocanna sonraithe agus leis na cuspóirí sonraithe. De réir mar a leanann gníomhaíochtaí an Údaráis ar aghaidh ag leathnú, déantar athbhreithniú ar an acmhainn agus ar an struchtúr de réir mar is cuí agus, i gcás go bhfuil aon acmhainní breise ag teastáil, téann an tÚdarás i dteagmháil leis an Aonad Rialachais agus Acmhainní Daonna sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Is é atá i struchtúr soláthar foirne an Údaráis ná struchtúr ceithre Aonad atá faoi stiúir na mball foirne ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta chun tacú leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus iad freagrach astu seo a leanas: 1. Ceadúnú 2. Gnóthaí Corparáideacha 3. Cáilíochtaí agus Caighdeáin 4. Comhlíonadh agus Cigireacht

Tháinig Oifigeach Cumarsáide nua (grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin) isteach san Údarás le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí 60 ball foirne ag an Údarás (58.1 coibhéis lánaimseartha). Taispeántar i gCairt an Struchtúir Soláthar Foirne struchtúr na heagraíochta ar leibhéal an lucht ardbhainistíochta.

CEO

- 1AP* Comhlíonadh agus Cigireacht
- 1AP* Cáilíochtaí agus Caighdeáin
- 1AP* Gnóthaí Corparáideacha
- 1AP* Gnóthaí Corparáideacha

* 1 AP – Príomhoifigeach Cúnta amháin

| De réir Gráid | Líon: | CL |
|---|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | 1 | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 3[2] | 3 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 9 | 9 |
| Cigire (Oifigeach Feidhmiúcháin) | 7 | 7 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 13 | 12.8 |
| Oifigeach Cléireachais | 24 | 22.3 |
| Oifigeach Cléireachais Sealadach | 2 | 2 |
| Oifigeach Seirbhíse | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **60** | **58.1** |

2 Chuaigh an Príomhoifigeach Cúnta sa Rannán Ceadúnúcháin ar scor i mí na Samhna 2025 agus níor líonadh an post go dtí an bhliain 2026.

**Córais TF a Fhorbairt**

Tá srian orainn mar gheall ar theicneolaíocht atá as dáta, rud atá ag cur teorainn lenár gcumas chun próisis a nuachóiriú go héifeachtach. Tá sé ríthábhachtach go mbeimis in ann eispéireas níos fearr a sholáthar dár sealbhóirí ceadúnais agus dár mbaill foirne araon. Sna blianta atá le teacht, beimid ag tabhairt córais nua TFC isteach chun an dóigh a gceadúnaímid, an dóigh a rialálaimid agus an dóigh a ndéanaimid faisnéis bhainistíochta a tháirgeadh agus a úsáid a bhunathrú chun feabhais. I gcomhar le tabhairt isteach na teicneolaíochta nua, déanfaimid réitigh a shainaithint agus a imscaradh go córasach chun ár n-éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú trí athdhearadh próiseas, trí chumasú TFC agus trí chomhtháthú éifeachtach córas.

Chuige sin, rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2025 ar Chóras néalbhunaithe nua Bainistíochta Cásanna le haghaidh iarratais ar cheadúnais a phróiseáil. Le linn na bliana 2026, aistreoimid de réir a chéile chuig iarratais ar líne do dhaoine aonair agus do chonraitheoirí. Leis an gcóras nua pobaldírithe, beidh úsáideoirí in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnas ón Údarás Slándála Príobháidí agus íocaíochtaí a dhéanamh ina leith go héasca agus go héifeachtúil. Comhlánóidh úsáideoirí foirm iarratais ar líne, agus na réimsí riachtanacha á líonadh acu, agus déanfar idirghníomhú le hiarratasóirí trí Thairseach Custaiméirí.

**Acmhainní Seachfhoinsithe**

Sa bhliain 2025, fuair an tÚdarás Slándála Príobháidí seirbhísí Premier Irish Translation Limited le haghaidh seirbhísí aistriúcháin. Tarraingíodh a gcuid seirbhísí anuas go díreach ó Chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais. Tar éis próiseas tairisceana a seoladh sa bhliain 2024, d'fhostaigh an tÚdarás Innovative Procurement Solutions le haghaidh seirbhísí tacaíochta soláthair le linn na bliana 2025. Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás Slándála Príobháidí conradh le ID-Pal Ltd agus le Credit Card Systems Ltd chun Feidhmiúlacht Fíoraithe Céannachta agus Seirbhís Pearsantaithe agus Eisiúna Cártaí Aitheantais Ceadúnais a sholáthar mar chuid d'fhorbairt ár n-ardáin nua TF, ar cheart go dtosófaí ar a chur i bhfeidhm sa bhliain 2026.

**Acmhainní Sealadacha**

Le linn na bliana 2025, fuair an tÚdarás tacaíocht ó bheirt oifigeach cléireachais shealadacha chun cabhrú le scrúdú a dhéanamh ar Fhoirmeacha Torthaí Oiliúna atá mar chuid de phróiseáil na n-iarratas ar cheadúnais agus d'obair tacaíochta riaracháin. Rannchuidigh infhaighteacht na n-acmhainní breise sin don Údarás Slándála Príobháidí le cuspóirí an Údaráis Slándála Príobháidí a chomhlíonadh go héifeachtach.

**An tÚdarás a Mhaoiniú**

Gach bliain, déantar na táillí ceadúnais a ghineann an tÚdarás a íoc go díreach leis an Státchiste, agus déanann an Státchiste soláthar airgeadais don Údarás ansin. Sa bhliain 2025, d'íoc an tÚdarás táillí ceadúnais ab ionann agus €3,930,030 leis an Státchiste.

**Comhaontú Soláthar Feidhmíochta**

Comhaontaíonn an tÚdarás Slándála Príobháidí Comhaontú Soláthar Feidhmíochta bliantúil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Is é cuspóir an Chomhaontaithe sin ná sainiú a dhéanamh, i gcomhthéacs na n-ionchur acmhainne arna soláthar, ar na spriocanna a ndéanfar feidhmíocht an Údaráis Slándála Príobháidí a thomhas dá réir gach bliain. Na tacaí leanúnacha a sholáthróidh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce don Údarás Slándála Príobháidí agus na sásraí chun faireachán agus breithmheas a dhéanamh ar fheidhmíocht, tá siad mar chuid de na socruithe foriomlána rialachais idir an dá pháirtí agus, mar sin, tá siad leagtha amach i gComhaontú Formhaoirseachta ilbhliantúil atá leithleach agus comhlántach.

Mar chuid den Chomhaontú Soláthar Feidhmíochta, bunaítear spriocanna cáilíochtúla áirithe. Sa bhliain 2025, bhí na torthaí seo a leanas ag an Údarás Slándála Príobháidí i gcomparáid le spriocanna:

| Méadracht | Sprioc 2025 | Toradh 2025 |
|---|---|---|
| An líon fostaithe a próiseáladh | 16,000 | 17,940 |
| An líon iarratas ó chonraitheoirí a próiseáladh | 800 | 858 |
| An meánlíon laethanta chun iarratas a phróiseáil d'fhostaithe céaduaire | <25 | 44* |
| An líon Cásanna Comhlíonta a próiseáladh | 900 | 1033 |
| An céatadán a próiseáladh laistigh de 90 lá oibre | 90% | 91% |
| An líon Imscrúduithe ar Cheannaitheoirí Slándála a cuireadh i gcrích | 220 | 206 |
| An ráta comhlíonta i measc ceannaitheoirí slándála | 90% | 93% |
| An líon Cigireachtaí ar Chonraitheoirí a cuireadh i gcrích | 110 | 118 |

* Mar gheall ar an líon iarratas nua a bhí ann sa bhliain 2025, arbh é an líon ba mhó riamh é, agus mar gheall ar an obair ba ghá chun córas nua bainistíochta cásanna a fhorbairt, cuireadh isteach ar agaí próiseála. Táthar ag súil go dtiocfaidh próiseáil níos tapa as tabhairt isteach an chórais nua bainistíochta cásanna an bhliain seo chugainn

**An Cód Caiteachais Phoiblí**

Ar fud na bliana, chloígh an tÚdarás leis na gnéithe iomchuí den Chód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach**

Cuirfear an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ón Údarás Slándála Príobháidí don bhliain 2025 ar áireamh sna Ráitis Airgeadais. Foilseofar iad sin ar shuíomh Gréasáin an Údaráis nuair a bheidh siad tugtha chun críche agus sínithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Meastóireacht Feidhmíochta ar an Údarás**

Rinne comhaltaí an Údaráis meastóireacht feidhmíochta féinmheasúnaithe an Údaráis, rud a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, sa bhliain 2025. Déanann Cathaoirleach an Bhoird athbhreithniú bliantúil ar na meastóireachtaí feidhmíochta féinmheasúnaithe, agus cuireadh fionnachtana na measúnuithe sin i láthair ag cruinniú de chuid an Bhoird an 29 Meán Fómhair 2025.

**Cothromaíocht Inscne i gcomhaltas an Bhoird**

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí seisear comhaltaí den inscne bhaineann agus cúigear comhaltaí den inscne fhireann ag an mBord, agus comhlíonann sé an sprioc atá ag an Rialtas go mbeadh an dá inscne freagrach as 40% ar a laghad den chomhaltas de Bhoird Stáit.

**Bainistíocht Riosca**

Feidhmíonn an tÚdarás beartas foirmiúil bainistíochta riosca agus coimeádann sé Clár Rioscaí de réir na dtreoirlínte ón Roinn Airgeadais. Bainistítear an Clár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Is é an aidhm atá leis an gclár a choimeád ná a chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus go gcuirfear bearta maolaitheacha riachtanacha i bhfeidhm, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Is buanmhír ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid an Bhoird agus ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi seach é an Clár Rioscaí.

Sa bhliain 2025, bunaíodh Coiste Bainistíochta Riosca ina raibh baill d'Fhoireann Ardbhainistíochta an Údaráis Slándála Príobháidí. Is é ról an Choiste Bainistíochta Riosca ná a chinntiú go mbíonn creat éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus ag feidhmiú, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Sa bhliain 2025, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach freisin ar Chlár Rioscaí an Údaráis Slándála Príobháidí. Is taifead é sin ar fhaisnéis faoi rioscaí sainaitheanta agus is é an phríomhuirlis é chun tacú leis an bpróiseas foirmiúil bainistíochta riosca san Údarás Slándála Príobháidí.

# Aguisíní

## Aguisín 1
## An Dualgas Earnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ar chomhlacht poiblí na nithe seo a leanas a dhéanamh, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chríoch agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

**Measúnacht a dhéanamh** – measúnacht a leagan amach sa Phlean Straitéiseach uaidh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus críoch an chomhlachta;

**Aghaidh a thabhairt** – a leagan amach sa Phlean Straitéiseach uaidh cé na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

**Tuairisciú a dhéanamh** – tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach aige sa Tuarascáil Bhliantúil uaidh.

Leag an tÚdarás Slándála Príobháídí na cuspóirí seo a leanas amach sa Phlean Straitéiseach 2023-2025 uaidh. Agus aird á tabhairt ar ár gcuid feidhmeanna, cuspóra agus acmhainní, comhlíonann siad ceanglais alt 42 d'Acht 2014:

- Obair i gcomhar lenár dtionscal chun féachaint ar dhóigheanna ar féidir tacú le rannpháirtíocht na mban san earnáil slándála.
- Meas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn sa tionscal slándála.

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, choimisiúnaíomar Amárach sa bhliain 2025 chun tabhairt faoi thaighde ar na bacainní ar ghabháil d'obair sa tionscal slándála in Éirinn. Rinneadh an taighde chun na fíorbhacainní agus na bacainní braite ar ghabháil d'obair sa tionscal slándála a shainaithint, agus díriú ar leith á leagan ar chothromas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú. Áiríodh leis an taighde tacú le rannpháirtíocht na mban. Cuireadh an tuarascáil i gcrích i mí Aibreáin 2025 agus foilsíodh í ar ár suíomh Gréasáin.

Táimid tiomanta do ghabháil go gníomhach do shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne. Is é an sprioc atá againn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do shealbhóirí ceadúnais agus a chinntiú go mbímid ag caitheamh go cothrom neamhchlaon le daoine d'fhonn cur le luachanna na dínite, an neamh-idirdhealaithe, an chuimsithe agus an chleachtais chóir san Údarás Slándála Príobháídí.

De réir alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, d'fhoilsíomar an Measúnú ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine uainn i mí na Bealtaine 2024. Leagtar amach sa Mheasúnú na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas atá ábhartha d'fheidhmeanna agus beartais an Údaráis Slándála Príobháídí agus dá fhoireann.

Chun cabhrú le cur chun feidhme sa bhliain 2025, leanamar den Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a leabú laistigh dár gcultúr eagraíochtúil. Chuir gach duine de na baill foirne a bhí nua agus a bhí ann cheana san Údarás Slándála Príobháídí modúl ríomhfhoghlama dar teideal "Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí" i gcrích trí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Choimisiúnaigh an Coimisiún an modúl sin chun seirbhísigh phoiblí a chumasú iniúchadh a dhéanamh ar an mbrí atá leis an gcomhionannas agus le cearta an duine, agus ar an luach a bhaineann leo, ina ngnáthobair laethúil. Cuirimid díriú ar na prionsabail sin agus ar ár n-uaillmhianta gaolmhara ar áireamh san oiliúint ionduchtúcháin ar fad do bhaill foirne nua freisin.

Mar chuid dár dtiomantas don Dualgas Earnála Poiblí, leanamar de cheangal a chur ar phearsanra slándála atá ceadúnaithe in Éirinn tabhairt faoi oiliúint feasachta ar gháinneáil ar dhaoine. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith, tá an oiliúint ar dhear MECPATHS í ina ceanglas ar gach duine atá ag iarraidh ceadúnas a fháil ón Údarás Slándála Príobháídí chun obair san earnáil Maoirseoirí Dorais, san earnáil Slándála Imeachtaí agus san earnáil Gardaí Slándála. Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí an oiliúint déanta ag 25,000 duine aonair, beagnach.

Is gné ríthábhachtach den Dualgas a chur chun feidhme go héifeachtach í ceannaireacht. Ar fud na bliana 2025, tugadh an t-eolas is deireanaí ar chur chun feidhme an Dualgais go tráthrialta don Bhord agus don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

## Aguisín 2
## Tuarascáil Staidrimh

**Tuarascáil 1 - An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2025 de réir Contae**

| Contae | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Airgead Tirim faoi Bhealach | Faireachán | Imscrúdaitheoirí Príobháideacha | Gardaí Forfheidhmiúcháin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 124 | 308 | 7 | 87 | 3 | 2 | **531** |
| **An Cabhán** | 106 | 337 | 3 | 19 | 3 | 0 | **468** |
| **An Clár** | 212 | 505 | 18 | 2 | 8 | 0 | **745** |
| **Corcaigh** | 1,171 | 2,731 | 8 | 45 | 19 | 1 | **3,975** |
| **Dún na nGall** | 322 | 475 | 2 | 1 | 4 | 0 | **804** |
| **Baile Átha Cliath** | 4,656 | 19,569 | 507 | 128 | 68 | 1 | **24,929** |
| **Gaillimh** | 675 | 1,222 | 3 | 13 | 10 | 1 | **1,924** |
| **Ciarraí** | 385 | 594 | 2 | 0 | 9 | 0 | **990** |
| **Cill Dara** | 504 | 1,606 | 43 | 46 | 22 | 5 | **2,226** |
| **Cill Chainnigh** | 106 | 262 | 1 | 10 | 1 | 0 | **380** |
| **Laois** | 205 | 570 | 11 | 16 | 11 | 0 | **813** |
| **Liatroim** | 87 | 104 | 2 | 4 | 1 | 0 | **198** |
| **Luimneach** | 502 | 1,494 | 74 | 20 | 8 | 0 | **2,098** |
| **An Longfort** | 126 | 296 | 3 | 3 | 1 | 0 | **429** |
| **Lú** | 415 | 1,269 | 9 | 1 | 4 | 0 | **1,698** |
| **Maigh Eo** | 278 | 446 | 3 | 1 | 4 | 0 | **732** |
| **An Mhí** | 389 | 1,179 | 36 | 10 | 7 | 2 | **1,623** |
| **Muineachán** | 112 | 204 | 0 | 0 | 2 | 0 | **318** |
| **Uíbh Fhailí** | 192 | 394 | 8 | 2 | 3 | 0 | **599** |
| **Ros Comáin** | 121 | 245 | 5 | 0 | 11 | 0 | **382** |
| **Sligeach** | 206 | 341 | 34 | 0 | 5 | 0 | **586** |
| **Tiobraid Árann** | 269 | 640 | 23 | 16 | 10 | 0 | **958** |
| **Port Láirge** | 260 | 800 | 23 | 3 | 7 | 1 | **1,094** |
| **An Iarmhí** | 319 | 787 | 5 | 2 | 12 | 0 | **1,125** |
| **Loch Garman** | 268 | 601 | 4 | 19 | 13 | 1 | **906** |
| **Cill Mhantáin** | 234 | 772 | 19 | 34 | 5 | 1 | **1,065** |
| **Tuaisceart Éireann** | 446 | 164 | 10 | 160 | 13 | 0 | **793** |
| **An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh)** | 83 | 102 | 0 | 362 | 3 | 4 | **554** |
| **Eile** | 0 | 1 | 0 | 33 | 0 | 0 | **34** |
| **Iomlán** | **12,773** | **38,018** | **863** | **1,037** | **267** | **19** | **52,977** |
| **% den Iomlán** | **24.11%** | **71.76%** | **1.63%** | **1.96%** | **0.50%** | **0.04%** | **100.00%** |

# Aguisín 3
# Tuarascáil Staidrimh

**Tuarascáil 2 - An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2025 de réir Contae**

| Contae | MD (SI) | MD (ÁC) | G | IP | GF | GS (FA) | GS (FTCI) | GS (SI) | GS (S) | S (SL) | ATB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceatharlach** | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 16 | 0 | **25** |
| **An Cabhán** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 3 | 19 | 0 | **25** |
| **An Clár** | 0 | 0 | 4 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 21 | 0 | **28** |
| **Corcaigh** | 4 | 3 | 18 | 4 | 0 | 3 | 3 | 4 | 11 | 89 | 0 | **139** |
| **Dún na nGall** | 0 | 0 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 17 | 0 | **25** |
| **Baile Átha Cliath** | 20 | 24 | 66 | 38 | 3 | 7 | 6 | 24 | 83 | 247 | 3 | **521** |
| **Gaillimh** | 1 | 2 | 11 | 2 | 0 | 1 | 1 | 2 | 4 | 46 | 0 | **70** |
| **Ciarraí** | 0 | 0 | 7 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 31 | 0 | **45** |
| **Cill Dara** | 2 | 2 | 14 | 6 | 0 | 2 | 2 | 2 | 10 | 56 | 0 | **96** |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 1 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 | 18 | 0 | **30** |
| **Laois** | 1 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 3 | 12 | 0 | **22** |
| **Liatroim** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 7 | 0 | **8** |
| **Luimneach** | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 3 | 38 | 0 | **48** |
| **An Longfort** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 10 | 0 | **12** |
| **Lú** | 1 | 2 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 9 | 35 | 0 | **53** |
| **Maigh Eo** | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 15 | 0 | **21** |
| **An Mhí** | 0 | 1 | 10 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 52 | 0 | **71** |
| **Muineachán** | 0 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 15 | 0 | **20** |
| **Uíbh Fhailí** | 0 | 0 | 5 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 14 | 0 | **20** |
| **Ros Comáin** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 9 | 0 | **10** |
| **Sligeach** | 0 | 1 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 6 | 0 | **13** |
| **Tiobraid Árann** | 1 | 1 | 3 | 3 | 0 | 1 | 1 | 1 | 6 | 31 | 0 | **48** |
| **Port Láirge** | 0 | 0 | 6 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 15 | 1 | **28** |
| **An Iarmhí** | 0 | 0 | 3 | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 | 6 | 19 | 0 | **32** |
| **Loch Garman** | 2 | 2 | 6 | 1 | 1 | 1 | 1 | 3 | 5 | 32 | 0 | **54** |
| **Cill Mhantáin** | 0 | 1 | 4 | 4 | 0 | 1 | 1 | 0 | 5 | 42 | 0 | **58** |
| **Tuaisceart Éireann** | 3 | 1 | 5 | 2 | 0 | 5 | 5 | 4 | 4 | 45 | 0 | **74** |
| **An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh)** | 1 | 0 | 1 | 3 | 0 | 13 | 11 | 1 | 2 | 12 | 0 | **44** |
| **Eile** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | **3** |
| **Iomlán** | **37** | **43** | **196** | **83** | **4** | **38** | **35** | **49** | **184** | **970** | **4** | **1,643** |
| **% den Iomlán** | **2.25%** | **2.62%** | **11.93%** | **5.05%** | **0.24%** | **2.31%** | **2.13%** | **2.98%** | **11.21%** | **59.04%** | **0.24%** | **100%** |

**Eochair**

MD (SI): Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MD (ÁC): Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
G: Glasadóir
IP: Imscrúdaitheoir Príobháideach
GF: Garda Forfheidhmiúcháin
GS (FA): Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS (FTCI): Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS (SI): Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS (S): Garda Slándála (Socair)
S (SL): Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB: Airgead Tirim faoi Bhealach

# Aguisín 4
# Tuarascáil Fuinnimh agus an Dul Chun Cinn a Rinneadh ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide uainn

Is iad ola teasa agus leictreachas ár bpríomhfhoinsí úsáide fuinnimh go fóill. Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais. Tháinig feabhas ar an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh go B3 sa bhliain 2023, ó C2 sa bhliain 2021. Is rátáil í sin atá os cionn an mheáin d'fhoirgnimh den sórt sin. Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2025:

| Bliain | Neamhleictreach (ola) | Leictreach |
|---|---|---|
| **2025** | 57,308 kWh | 41,240 kWh |
| **2024** | 60,097 kWh | 41,966 kWh |

Choigil an tÚdarás Slándála Príobháidí 70,126 kWh d'fhuinneamh sa bhliain 2025, i gcomparáid leis an mBliain Tagarmhairc (2018). Bunaithe ar phraghsanna i mí na Nollag 2025, tá sé sin cothrom le coigilt bhliantúil €4,573.

| | | Ola | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Bliain Tagarmhairc** | 56,281 | 112,394 | 168,674 |
| **2025** | 41,240 | 57,308 | 98,548 |
| **Difríocht Chéatadánach** | -26.7% | -49% | -41.6% |

Lean foireann fuinnimh an Údaráis Slándála Príobháidí le faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh ar na bealaí seo:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid téimh agus úsáid leictreachais le cabhair ónár gcomhairleoir fuinnimh, agus tuilleadh oiliúna a sholáthar inár gCóras Bainistíochta Foirgnimh chun ár gcórais téimh agus uisce the a uathoibriú.
- Feasacht agus oiliúint foirne. A bhuí leis na comharthaí atá in airde ar fud an fhoirgnimh, meabhraítear do bhaill foirne leictreachas a chaomhnú agus bheith aireach ar a n-úsáid fuinnimh. Chuir ár gcomhairleoir fuinnimh oiliúint ar bhaill foirne chun feasacht agus caomhnú fuinnimh a mhéadú.

**An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide**

I mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh an tÚdarás Slándála Príobháidí an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide uainn don tréimhse 2023 go 2030. Leagtar amach sa Treochlár ár gcuspóirí go dtí an bhliain 2030 agus dírítear ann ar ár dtiomantas dár ngealltanas a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí carbóin glan-nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050 chun ár bpláinéad a chosaint ar son na nglúnta atá le teacht. Agus béim láidir á leagan ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar oiliúint a chur ar ár bhfoireann, déanfaimid, agus muid ag obair le daoine eile, difear dearfach marthanach do shláinte agus folláine ár bhfoirne agus do shláinte agus folláine na hearnála slándála i gcoitinne. Tugtar an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a rinneadh faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide uainn don Bhord ar bhonn bliantúil.

Leanfaimid d'obair i dtreo an sainordú earnála poiblí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ó Rialtas na hÉireann. De réir cheanglais na hearnála poiblí, is iad seo a leanas ár spriocanna foriomlána:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030.
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón 33% sprioc sa bhliain 2020 go 50% faoin mbliain 2030.
- An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide uainn a nuashonrú gach bliain laistigh de shé mhí ó fhoilsiú an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

**Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide**

Ag obair dúinn i gcomhar lenár gcomhairleoir fuinnimh, lean an tÚdarás Slándála Príobháidí d'fhéachaint ar réitigh ar conas a chomhlíonaimid na hoibleagáidí atá orainn faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ón Rialtas ár n-astaíochtaí a laghdú faoi 51% agus ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin mbliain 2030.

Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí páirteach san fheachtas feasachta éifeachtúlachta fuinnimh 'Cumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair' de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ón mbliain 2010 amach, agus díriú á leagan ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ag ár n-oifig i mBaile Thiobraid Árann.

Baineann an tÚdarás Slándála Príobháidí úsáid as córas ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun tuairisc a thabhairt ar a úsáid fuinnimh de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

Sa bhliain 2025, thugamar téamh radanta ísealfhuinnimh isteach i limistéir ghníomhacha an fhoirgnimh chun riachtanais fuinnimh an fhoirgnimh a laghdú. Chuireamar tús freisin leis an soilsiú ar fad san fhoirgneamh a uasghrádú go soilsiú LED freisin, rud a meastar go mbeidh tionchar suntasach aige ar úsáid leictreachais sa bhliain 2026.

Tá na nithe seo a leanas i measc na dtionscadal eile atá á mbreithniú ag an Údarás Slándála Príobháidí idir an gearrthéarma agus an meántéarma chun cabhrú linn ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus a bhfuil idirchaidreamh á dhéanamh againn le hOifig na nOibreacha Poiblí ina leith:

- Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as gléasanna allamuigh an Chórais Bainistíochta Foirgnimh agus as braiteoirí chun teochtaí a chothromú agus chun an t-ualach teasa a laghdú;
- Na fuinneoga cáisminte adhmaid uile a uasghrádú ina bhfuinneoga ina bhfuil gloiniú tánaisteach;
- Ár gcoire a uasghrádú ar aon dul leis an athrú ó sholáthar ola go soláthar gáis.

**Ciorclán 1/20: Nósanna imeachta le haghaidh na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh**

Rinneadh íocaíocht €27.31 leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i leith aerthaisteal a thóg baill foirne sa bhliain 2025.



## Aguisín 5
## Tuarascáil ar Nochtadh Cosanta don bhliain 2025

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014,**

**arna Leasú sa bhliain 2022,**

**Tuarascáil Bhliantúil**

**Nochtaí a Rinneadh leis an Údarás**

1. Foráiltear le halt 22(5) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (an tAcht), go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí, gach duine forordaithe agus an Coimisinéir tuarascáil ina mbeidh na nithe seo a leanas a fhoilsiú ar a suíomh Gréasáin faoin 1 Márta gach bliain i leith na bliana féilire díreach roimhe sin:
    - Ráiteas á rá gur bhunaigh an comhlacht poiblí, an duine forordaithe nó an Coimisinéir sin bealaí agus nósanna imeachta inmheánacha tuairiscithe de réir an Achta;
    - I gcás daoine forordaithe agus an Choimisinéara, ráiteas á rá gur bhunaigh an duine forordaithe nó an Coimisinéir sin bealaí agus nósanna imeachta seachtracha tuairiscithe de réir an Achta; agus
    - An fhaisnéis a soláthraíodh don Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi alt 22(1) den Acht.
2. Is é seo an tuarascáil ón Údarás Slándála Príobháidí (an tÚdarás) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.
3. Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Slándála Príobháidí ina dhuine forordaithe faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta agus faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 367 de 2020. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh oibrithe laistigh den tionscal Slándála Príobháidí nochtadh cosanta a dhéanamh leis an Údarás.
4. Bhunaigh an tÚdarás Slándála Príobháidí bealach tiomnaithe inmheánach tuairiscithe agus nósanna imeachta tiomnaithe inmheánacha tuairiscithe chun cabhrú le baill foirne éagóiritheoireacht fhéideartha a thuairisciú.
5. Bhunaigh an tÚdarás Slándála Príobháidí beartas seachtrach tuairiscithe freisin, rud atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.psa-gov.ie\protected disclosures.
6. Sa bhliain 2025, fuair an tÚdarás Slándála Príobháidí seacht dtuairisc tríd an mbealach seachtrach tuairiscithe a bunaíodh faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Is achoimrithe i dTábla 1 atá an fhaisnéis a soláthraíodh don Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoi alt 22(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, don bhliain féilire 2025:

**Tábla 1:**
**Faisnéis a soláthraíodh don Aire faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 – An Bhliain Féilire 2025**

| **1. Tuairiscí a fuarthas** | **Líon** |
|---|---|
| Tuairiscí a fuarthas tríd an mbealach seachtrach tuairiscithe | 7 |
| **2. Measúnú ar thuairiscí** Seo a leanas na torthaí ag deireadh na bliana i gcás na seacht dtuairisc a fuarthas sa bhliain féilire: | **Líon** |
| Cinneadh sa mheasúnú nach bhfuil údar ann le gníomh leantach breise faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta | 4 |
| Táthar ag fanacht leis an measúnú a chur i gcrích, agus is féidir go mbeidh údar ann le gníomh leantach breise | 0 |
| Tarchuireadh an tuairisc chuig Comhlacht eile faoi na nósanna imeachta um Nochtadh Cosanta | 1 |
| Tá an tuairisc á himscrúdú ag an Údarás Slándála Príobháidí | 2 |
| **3. Imscrúdú ar thuairiscí** | **Líon** |
| Imscrúduithe* a osclaíodh **Tagraíonn an téarma "imscrúdú" d'aon chineál gnímh leantaigh a rinneadh de bhun tuairisce chun fírinneacht na faisnéise a tuairiscíodh a shuí* | 2 |
| Imscrúduithe a dúnadh | 0 |
| Imscrúduithe a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana féilire | 2 |
| Fad na n-imscrúduithe a bhí ar oscailt: Ar oscailt le níos lú ná 1 bhliain | 2 |
| Meánfhad na n-imscrúduithe a dúnadh | N/B |
| Fad airmheánach na n-imscrúduithe a dúnadh | N/B |
| **4. Nithe a Imscrúdaíodh** | **Líon** |
| Sáruithe ar oibleagáid dhlíthiúil | 2 |
| **5. Imeachtaí a Tionscnaíodh** | **Líon** |
| Imeachtaí a tionscnaíodh de bhun imscrúduithe | 0 |
| Cásanna a tarchuireadh chuig comhlacht eile chun imeachtaí a thionscnamh | 0 |
| **6. Tuairiscí gan ainm** | **Líon** |
| Tuairiscí gan ainm a tugadh | 0 |
| Imscrúduithe a osclaíodh mar fhreagairt do thuairiscí gan ainm | 0 |

John Phelan

**An tUas. John Phelan**
Príomhfheidhmeannach

28 Eanáir 2026

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

## Mionsonraí Teagmhála

### An tÚdarás Slándála Príobháidí

Sráid an Dáibhisigh
Baile Thiobraid Árann
Co. Thiobraid Árann
E34 PY91

T.: 062-32600
R.: info@psa-gov.ie
G.: www.psa-gov.ie

### Ceadúnú Conraitheoirí

T.: 062-32606 062-32614
062-32624 062-32627
062-32661 062-32635
062-32631
R.: contractors@psa-gov.ie

### Cáilíochtaí agus Caighdeáin

T.: 062-32636 062-32616
062-32643 062-32659
062-32607
R.: standards@psa-gov.ie

### Ceadúnú Daoine Aonair

T.: 062-32600
R.: licensing@psa-gov.ie

### Gnóthaí Corparáideacha

T.: 062-32622 062-32633
R.: info@psa-gov.ie

### Comhlíonadh agus Cigireacht

T.: 062-32608 062-32612
R.: enforcement@psa-gov.ie

**www.psa-gov.ie**

Fitzpatrick Design and Print 062 51113